

Ath-Chur le Chéile Lir Ór d' *Ur*

Thángthas ar Lir Ór d' *Ur* sa bhliain 1929 agus is in Iarsmalann Bhagdad atá sí anois. Faraor ní féidir ceol a chasadh uirthi. Rinneadh í timpeall is 500 bliain roimh tógáil Phirimidí na hÉigipte agus mar sin tá sí breis is 4,750 bliain d'aois.

Réamhrá

In Aibreán 2003 tháinig grúpa le chéile faoi stiúr Mr. Andy Lowings a mbeadh mar sprioc acu athleagan a dhéanamh den Chláirseach clúiteach d' *Ur* a bheadh dílis den bhundearadh. (Cé go dtugtar Lir ar an uirlis is den déanamh cruite nó cláirsí í)

Cloch-shníodóireacht a chonaic sé in Iarsmalann Chicago agus ar chlúdach irise ab ea an t-*inspreagadh* don tionscnamh seo. Is ón ré is faide siar den chultúr daonn an Cláirseach seo.

Níor rinneadh tionscnamh ar bhealach chomh “dílis” mar seo cheana. Táimid ag baint úsáide as na greamacháin bhunaidh chuí, sliogáin na Murascaille agus adhmaid ó cheantar na Súiméire.

De bharr an Iaráic a bheith sa nuacht na laethanta seo, is cosúil gur tháining an Cláirseach Tarbhchloigneach atá in Iarsmalann Bhagdad chun solais sna meáin domhanda. Is mó an tsuim atá léirithe mar sin i dtionscnamh a chuirfeadh ath-dhéanamh an uirlis ar fáil agus go mbeifreair in ann ceol a chasadh uirthi.

Is fiú go mór an tionscnamh seo a bhfuil neart spéise curtha ann. Ba bhreá linne an uirlis seo a sheinnt daoibh agus is mian linn go n-inseodh sí a scéal féin ar fud na cruinne.

Meitheal Ealaíontóirí

Is ann do na scilleanna riachtanacha d'ath-dhéanamh na cláirsí seo sa lá atá inniu ann. Mar chuid de mheitheal s'againne tá na healaíontóirí, na fir agus mná ceirde is fearr ar domhan atá sásta a gcuid scileanna, talann, eolais agus a gcuid ama ar chur ar fáil gan costas. Cheana chéin tá liosta de chomhairlí agus de dhéantóirí atá réidh chun tabhairt faoin obair agus, dar ndóigh, a bhfuil fonn mór oibre orthu.

Ina measc tá ceoltóirí de chuid na hIaráice agus tá Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta na hIaráice i dteagmháil chun chabhrú linn. Is tionscnamh neamh-bhrabúsach neamh-pholaitiúil é seo.

Tá cuireadh faighte cheana féin againn casadh i gCambridgeshire an Ríocht Aontaithe, An Mheicsiceo Nua, Washington SAM, Vín na hOstaire, Londain agus Dubae (UAE).

Beidh sé i gceist againn ar a laghad bliain a chaitheamh ag taispeáint agus seinnt na huirlise don phobal domhanda agus ina dhiaidh sin bheadh sé i gceist smaoinemh ar í a bhronnadh d' Institiúid éigin a thabharfadh aire di agus a dhéanfadh cúram di. Ní le duine ar bith an uirlis seo ach le “Coiste”.

Go dtí seo níl ann ach dea-thoil, tacaíocht agus mór-léiriú suime i bhfiúntas an tionscnaimh. Bhí cruinniú againn i Londain le Stiúrthóir Comhairle Bhreatanach na hIaráice. Tá Eagraíocht Náisiúnta na nArabach Breatanach ag tacú linn. Tá lucht tacaíochta s'againne san Iaráic tar éis an t-adhmaid, cloch, sliogán agus eile a aimsiú dúinn. Tá an RAF (Foireann 5131 den Scuid Cur ó Mhaith Pléascán) tar éis an t-ábhar a iompar seo chun na hEorpa dúinn.

Tugadh áiseanna Iarsmalann na Breataine (Londain) dúinn chun taighde a dhéanamh agus in a raibh Comhairleoirí Seandálaóchta in Iarsmalann Bhagdad páirteach ann. Is foireann idirnáisiúnta amach is amach muid.

Anois táimid ar thóir na gceoltóirí agus seinnteoirí chun chabhrú linn i gcur i láthair na huirlise seo do phobal na cruinne mar chuid d' ealaíon inti fhéin agus chun a scéal a scaipeadh. Tá CD curtha le chéile againn cheana fuin de Lir *Ur*, den Dordveidheil agus den Cláirseach Claiseacadh.

Clabhsúr

Tugann muid cuireadh do chách a bheith mar chuid den tionscnamh fiúntach inmholta seo agus do chuid scileanna a thabhairt chuige le mo mbeidh ráth as cuimse air.

Tá an ceol is ársa ar domhan go smior ionainn uilig. Bainimis sult as.